# Nuachtlitir Mhatamaitice SSM

**Eagrán 4**

## Fáilte

Fáilte go dtí an t-eagrán is déanaí de Nuachtlitir Matamaitice SSM. Ó eisíodh an t-eagrán deireanach, bhí deis againn bualadh le breis agus 1500 múinteoir i gceardlanna dara hábhar idir Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2019. Bhí chóir a bheith 3400 múinteoir ar fud na tíre i mbun cnuaslaethanta FGL ó Mhí na Samhna 2019 go dtí mí an Mhárta 2020. Sa nuachtlitir seo ba mhaith linn roinnt de bhuaicphointí na bliana a roinnt, lena n-áirítear sraith de cheardlanna samhaltú matamaiticiúil, trí sheimineár ghréasáin, sraith de Phodchraoltaí, agus ár rannpháirtíocht i dtionscnamh ETI(E)M an SSM

## Samhaltú Matamaiticiúil




Is é an Dr. Pádraig Mac Seáin, léachtóir le hOideachas Matamaitice i Scoil an Oideachais in Ollscoil Luimnigh, i gcomhpháirtíocht le Foireann Matamaitice SSM, a d'fhorbair agus a stiúir an deis FGL roghnach seo ina bhfuil trí chuid. Thar thrí sheisiún, bhíothas ag súil go ndéanfadh na rannpháirtithe iniúchadh ar an bpoiteinseal a bhaineann le samhaltú matamaiticiúil ar fhíorfheiniméin chun cabhrú le múineadh agus le foghlaim réiteach fadhbanna i Matamaitic na Sraithe Sóisearaí.

Dhírigh an chéad cheardlann, a reáchtáladh ar an 24 Feabhra 2020 in Ionad Oideachais Chorcaí, ar réiteach fadhbanna agus é mar aidhm aici feabhas a chur ar chumas na rannpháirtithe anailís a dhéanamh ar fhadhbanna, uirlisí cuí matamaitice a aithint agus samhlacha a fhorbairt agus a réiteach do na fadhbanna. Ar an drochuair, mar gheall ar phaindéim COVID-19 cuireadh an dara agus an tríú ceardlann ar athló. Coinneoidh muid ar an eolas tú maidir leis an modúl roghnach seo chomh luath agus is féidir.

## Seimineár Gréasáin


Is ar an 4 Nollaig 2019, a reáchtáladh ár gcéad seimineár gréasáin den bhliain acadúil, 'Ag Ullmhú do Mheasúnú Rangbhunaithe 1 (MRB 1): Imscrúdú Matamaiticiúil & Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)'. Thug an seimineár gréasáin seo forbhreathnú ar amlínte do MRB 1 agus rinneadh iniúchadh ar an gcaoi ab fhéidir le múinteoirí cabhrú le foghlaim scoláirí roimh agus le linn an MRB chomh maith le hullmhú do chruinniú AFMÁ agus páirt a ghlacadh ann.




Bhí an dara seimineár gréasáin againn, 'Pleanáil don Teagasc, Foghlaim agus Measúnú: Cur Chuige Scoile amháin' ar siúl ar an 13 Márta 2020. Ba é cuspóir an tseimineáir ghréasáin seo an chaoi ar

chruthaigh scoil amháin, ETSS Chill Mhantáin, a bplean trí bliana agus tuiscint a fháil ar an gcaoi ar fhorbair siad aonaid foghlama do Nuachtlitir Mhatamaitice SSM laistigh den phlean seo. Tá go leor acmhainní ar fáil ar shuíomh gréasáin SSM na Matamaitice chun cabhrú le scoileanna lena bpleanáil don bhliain atá le teacht.


Tharla an tríú seimineár gréasáin againn "Matamaitic agus a bheith Cruthaitheach" faoi chúinsí an-difriúla agus sinn i lár na "dianghlasála". Thug an seimineár gréasáin seo deis do mhúinteoirí idirghníomhú beo ar an aer le Comhairleoirí agus le múinteoirí eile, agus smaointe faoin gcruthaitheacht a roinnt agus a phlé agus conas cruthaitheacht a chothú laistigh den seomra ranga.




Mar an gcéanna le seimineáir ghréasáin Mhatamaitice go léir an SSM, tá taifeadadh den seimineár gréasáin agus de na hacmhainní a roinneadh ar an tráthnóna ar fáil anseo i rannán na Sraithe Seimineáir Ghréasáin ar shuíomh gréasáin Matamaitice SSM.

### Sraith Podchraoltaí

Is sraith podchraoltaí de chuid Fhoireann Matamaitice SSM é ‘Tangents / Tadhlaithe’ atá ar fáil ar chainéal podchraoltaí Chainteanna na Sraithe Sóisearaí. Sa chéad sraith seo labhair muid le roinnt daoine atá ag obair i réimsí éagsúla oideachais faoin gcruthaitheacht i gcomhthéacs seomra ranga na matamaitice. Go dtí seo foilsíodh ceithre heagrán.




In eagrán a haon, tá múinteoir matamaitice, Peter Fitton (Pobalscoil Bhaile an Easpaig, Corcaigh), ag plé na cruthaitheachta ina sheomra ranga. Roinneann Peadar a chur chuige i leith foghlaim chomhoibríoch agus neamhspleách agus conas is féidir le leagan amach an tseomra, noirm an tseomra ranga agus atmaisféar táirgiúil cabhrú le foghlaim na scoláirí.

Taifeadta as Gaeilge, tá an múinteoir matamaitice, Clíodhna Ní Dhaibhéid, a mhúineann i gColáiste Eoin in eipeasóid a dó. Féachann Cliodhna le seomra ranga a chruthú ina bhfuil úinéireacht ag na scoláirí ar a gcuid foghlama féin, go háirithe trí chleachtadh an mhachnaimh.


In eipeasóid a trí, fiosraíonn an Dr. Thérèse Dooley, bunmhúinteoir ar scor, agus oideachasóir le DCU conas is féidir cruthaitheacht agus fiosracht mhatamaiticiúil a spreagadh i scoláirí agus moltar bealaí nua chun smaoineamh ar an gcaoi a bhforbraíonn scoláirí a dtuiscint ar an matamaitic.

In eipeasóid dheireanach na sraithe, pléann an Dr. Aoibhinn Ní Shúilleabháin, Ollamh Comhlach le Matamaitic in COBÁC, oideachas tosaigh múinteoirí, eolas ar inneachar oideolaíoch agus cruthaitheacht mhatamaiticiúil.

Chun níos mó podchraoltaí a chloisteáil ó chainéal Chainteanna na Sraithe Sóisearaí cliceáil anseo nó cuardaigh Cainteanna na Sraithe Sóisearaí: ‘Tangents / Tadhlaithe’ ar SoundCloud, Spotify, Apple Podchraoltaí nó áit ar bith a n-éisteann tú le do phodchraoltaí. Ná déan dearmad clárú leis an gcainéal againn don chéad sraith eile!

### Tascleabhrán Acmhainní

Roinntear trí shuíomh gréasáin Matamaitice SSM doiciméad ar a dtugtar Leabhrán Acmhainní Tascanna ina bhfuil rogha tascanna agus gníomhaíochtaí matamaiticiúla atá oiriúnach do scoláirí matamaitice na sraithe sóisearaí. Ba chóir do mhúinteoirí a mbreithiúnas gairmiúil a úsáid agus tasc nó gníomhaíocht á roghnú acu agus ba chóir dóibh an tasc a chur in oiriúint do chomhthéacs a gcuid scoláirí. Dearadh na tascanna sa leabhrán seo le bheith inrochtana, dúshlánach agus infhorbartha.




Is féidir teacht ar an Tascleabhrán Acmhainní anseo.

## ETI(E)M

Bhí an-áthas ar Fhoireann Mhatamaitice SSM a bheith páirteach i gclár FGL roghnach ETI(E)M SSM na bliana seo 'Giniúint Réiteach'.

Cuireadh ceardlanna ar fáil ar fud na tíre ag tabhairt múinteoirí le chéile in éineacht le comhpháirtithe ETI(E)M. I dteannta a chéile, mheas siad conas is féidir linn ár ndaoine óga a chumasú chun smaoineamh, roghnú agus nuáil a dhéanamh ar bhealaí a fheabhsóidh agus a chothóidh ár saol, ár gcomhphobail agus an domhan trí dhíriú ar fhreagairtí idirdhisciplíneacha ar dhúshláin shochaíocha i gcomhair giniúint réiteach.




Chun tuilleadh a fhoghlaim faoi ETI(E)M sa tSraith Shóisearach agus faoinár gcomhpháirtithe, tabhair cuairt ar an rannán ETI(E)M ar an láithreán gréasáin anseo againn.

Leanfaimid lenár gcuid rannpháirtíochta le himeachtaí ETI(E)M atá le teacht i rith na chéad bhliana acadúla eile. Bí san airdeall le haghaidh imeachtaí ETI(E)M atá le teacht in 2020-2021 agus bí cinnte go leanann tú @JCTSteAm ar twitter.



## Fan i dteagmháil

Tá iliomad bealaí le fanacht i dteagmháil le Foireann Mhatamaitice SSM:

1. Cláraigh ar ár liosta seoltaí
2. 2. Lean muid ar Twitter @jctmaths
3. 3. Téigh ar cuairt chuig an leathanach gréasáin

Le dea-mhéin,
Foireann Mhatamaitice SSM